Faiche an Choláiste

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na pleananna atá curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir le Faiche an Choláiste. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.



hearing: _____
public place, plaza: _____
pedestrian: _____
transport company: _____
opposing it: _____
taxi: _____
demonstrating: _____
ban traffic: _____
bicycle lanes: _____
on the sides of the plaza: _____
majority of people: _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cá bhfuil Faiche an Choláiste?
2. Déan cur síos ar na pleananna atá molta d'Fhaiche an Choláiste.
3. Cad a bhí le rá ag Richard Guiney, ag Seán Ó Crottaigh agus ag Heather Casey faoi na pleananna?
4. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin éisteacht?

Ceist 3 Breac síos iolraí na n-ainmfhocal thíos a bhí le cloisteáil sa mhír:

moladh _____
tacsaí _____
comhlacht _____
gnó _____
tiománaí _____
gluaisteán _____
crann _____
ceist _____
coisí _____

Ceist 4 '…ar maidin..' **ach** '…ar thrácht…'

1. Leanann an dá ainmfhocal (maidin agus trácht) an réamhfhocal simplí 'ar'. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar 'maidin' ach tá séimhiú ar an bhfocal 'trácht'?

2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus déan cibé athrú is gá:

   - ar (barr) an dorais
   - bhí an fear ar (meisce)
   - feicfidh mé thú ar (ball)
   - cuireann sé eagla ar (daoine)
   - tá sí ar (comhaois) liom
   - rinne sé an obair ar (deireadh)
   - tá an cat ina shuí ar (bord)
   - níl an t-árasán ar (cíos)
   - ní maith léi cnaipí ar (gúnaí)

Ceist 5 An séimhiú

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht cúis an tséimhithe sna samplaí thíos (a bhí sa mhír) a mhíniú.

- faoi mholtaí
- do choisithe
- ó dhoras
- de chuid an Bhoird Pleanála
- dhá mhíle
- ar an Fhaiche
- ar son an phlean

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil cur amach agat ar Fhaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath? Cad a cheapann tú faoin gceantar sin?
2. Cad a cheapann tú féin faoi na pleananna atá molta le cur i bhfeidhm ar an gceantar?
3. An féidir leat smaoineamh ar aon chathair a bhfuil plás mór poiblí inti?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis daoibh féachaint ar an mír den chéad uair.

hearing:	éisteacht
public place, plaza:	plás poiblí
pedestrian:	coisí
transport company:	comhlacht iompair
opposing it:	ag cur ina choinne
taxi:	tacsaí
demonstrating:	ag léirsiú
ban traffic:	cosc a chur ar thrácht
bicycle lanes:	lánaí rothaíochta
on the sides of the plaza:	ar thaobhanna an phláis
majority of people:	formhór na ndaoine

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

moladh	*moltaí*
tacsaí	*tacsaithe*
comhlacht	*comhlachtaí*
gnó	*gnóthaí*
tiománaí	*tiománaithe*
gluaisteán	*gluaisteáin*
crann	*crainn*
ceist	*ceisteanna*
coisí	*coisithe*

Ceist 4

1. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘ar’ nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist. Ní leanann séimhiú ‘ar’ nuair:

    - a chuirtear staid nó coinníoll in iúl – ar buile
    - atá ionad ginearálta i gceist – ar muir
    - atá am i gceist – ar maidin

2.

ar bharr an dorais
bhí an fear **ar meisce**
feicfidh mé thú **ar ball**
cuireann sé eagla ar **dhaoine**
tá sí **ar comhaois** liom
rinne sé an obair **ar deireadh**
tá an cat ina shuí **ar bhord**
níl an t-árasán **ar cíos**
ní maith léi cnaipí **ar ghúnaí**

Ceist 5

- faoi mholtaí – *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘faoi’*
- do choisithe – *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘do’*
- ó dhoras – *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘ó’*

- de chuid an Bhoird Pleanála – *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘de’; agus cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach uatha firinscneach*
- dhá mhíle – *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis na huimhreach ‘dhá’.*
- ar an Fhaiche – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal sa tuiseal tabharthach (seachas d, t agus s) i gcanúint Uladh. Córas an tSéimhithe a thugtar ar an gcóras seo.
- ar son an phlean - *cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sa ghinideach uatha firinscneach*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá tús curtha le héisteacht pleanála faoi mholtaí plás poiblí agus limistéar do choisithe a dhéanamh d'Fhaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath. Tá lucht tacsaithe, comhlachtaí iompair agus gnóthaí, agus gnóthaí i lár na cathrach ag cur ina choinne, mar go gcreideann siad go gcoinneoidh sé custaiméirí ó dhoras.

Peadar Mac Gaoithín
Tiománaithe tacsaí ag léirsiú taobh amuigh d'éisteacht de chuid an Bhoird Pleanála in Óstán an *Gresham* ar maidin, in éadan phlean deich milliún euro na Comhairle Cathrach, le plás poiblí saor ó ghluaisteáin a dhéanamh d'Fhaiche an Choláiste. Tá sé i gceist cosc a chur ar thrácht ag dul soir agus anoir fríd[1] Fhaiche an Choláiste, lánaí rothaíochta a thógáil agus crainn a chur ar thaobhanna an phláis. Labhraíonn *Dublin Town* thar ceann dhá mhíle go leith gnó sa chathair.

Richard Guiney, Príomhfheidhmeannach, Dublin Town
Is maith linn an smaoineamh agus rinneamar taighde air. Agus dúirt formhór na ndaoine ag an am sin, go bhfuil siad ar son an smaoinimh. Ach dúirt siad ag an am sin go bhfuil imní orthu faoin trácht sa chathair[2] chomh maith. Ó shin i leith, ní bhfuaireamar freagraí faoinár gceisteanna, agus nílimid cinnte conas a thagann tacsaí go dtí cúpla de na hóstáin, mar shampla. Agus, beidh busanna ag stopadh timpeall Christ Church[3], agus tá an áit sin rófhada amach ó na hionaid siopadóireachta.

Peadar Mac Gaoithín
Mar sin féin, tá gnóthaí[4] ar labhair muidne leofa[5] inniu agus atá lonnaithe ar an Fhaiche féin, ar son an phlean.

Seán Ó Crottaigh, El Travel Group
Ceapaim féin go mbeidh *plaza* go hiontach. Tá dhá ghnó againn anseo – tá siopa turasóireachta[6] againn agus tá an *Irish Whiskey Museum* againn anseo. Tá a lán foirgnimh stairiúla[7] anseo, agus tá *plaza* mar seo, mar an *plaza* a bheidh againn, i ngach cathair.

Heather Casey, Dubarry Ireland
Tá a lán daoine a thagann tríd an cheantar, ach ní stopann siad anseo agus aon rud a thógann daoine anseo agus a choinníonn iad anseo, is rud maith do na gnóthaí[8] timpeall an cheantair.

Peadar Mac Gaoithín
Meastar go bhfreastalóidh thart ar 70 grúpa ar an éisteacht atá ar siúl ag an Bhord Pleanála i láthair na huaire, faoi na pleananna plás do choisithe a dhéanamh d'Fhaiche an Choláiste anseo, agus go mairfidh an éisteacht thart ar chúig lá.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4, ar Fhaiche an Choláiste

[1] *trí* an leagan caighdeánach
[2] *cathrach* a dúradh
[3] *Teampall Chríost* an leagan Gaeilge
[4] *gnónnaí* a dúradh
[5] *leosan* an leagan caighdeánach
[6] *tuarastal* a dúradh
[7] *buildings stairiúil* a dúradh
[8] *gnónna* a dúradh